Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012

# Tíreolaíocht

## Aonad 2: Maireachtáil ar an Domhan Againn

## Bonnsraith

**[GGG21]**

GGG21

**DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** ceist.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna seo: **1(b)**, **2(b)(iii)** agus **2(c)(iv)**.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| Marc Iomlán | |

## Téama A: Daoine agus an Áit a gCónaíonn siad

**1** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 1** a thaispeánann pirimid daonra don Afganastáin in 2010. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© Rapid Intelligence http://www.nationmaster.com/country/in-afghanstan/Age-distribution*

**Fíor 1**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cá mhéad duine san Afganastáin atá idir 0-4 bliain d'aois? Folínigh an freagra sa liosta seo thíos.

5.3 milliún 1.85 milliún 0.9 milliún [1]

**(ii)** Amharc ar na ráitis seo a leanas maidir le **Fíor 1**. Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** in aice le gach ráiteas.

Tá i bhfad níos mó baineannach ná fireannaigh i ndaonra na hAfganastáine. ____________

Tá ráta ard de dhaoine cleithiúnacha seanaoise san Afganastáin ____________

Is pirimid thipiciúil í seo maidir le tír i mbéal forbartha (LEDC).

____________

Tá fianaise sa phirimid seo go bhfuil cuid mhór imirceach ag imeacht ón Afganastáin. ____________ [4]

**(b)** Is daoine cleithiúnacha seanaoise iad daoine atá níos sine ná 65 bliain. Mínigh **dhá** fhadhb a bhíonn ann nuair atá ráta ard de dhaoine cleithiúnacha seanaoise i dtír.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________


______________________________

______________________________

______________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 2** a thaispeánann an líon imirceach ó thíortha Oirthear na hEorpa atá sna Ceantair Rialtais Áitiúil i dTuaisceart Éireann. Freagair na ceisteanna a leanann.




© *Crown copyright*

**Eochair**

- 100 – 299 imirceach
- 300 – 599 imirceach
- 600 – 999 imirceach
- 1000 – 1499 imirceach
- 1500 – 4999 imirceach

**Fíor 2**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **imirce**?

[2]

**(ii)** Mínigh cad chuige a bhfuil eochair de dhíth le go dtuigfidh tú patrún na n-imirceach mar atá in **Fíor 2**.

[2]

**(iii)** Folínigh an cineál léarscáile atá ann in **Fíor 2**. Roghnaigh an freagra ón liosta seo thíos.

Ildathach Scáthlíniú dlúis Dathú comhlíne [1]

**(iv)** Folínigh an chatagóir a léiríonn an líon imirceach ó Oirthear na hEorpa atá ann i mBéal Feirste.

100–299 600–999 1500–4999 [1]

(v) Is é atá in **Tábla 1** na héifeachtaí a bhíonn ag imirce ar Thuaisceart Éireann. Le **Tábla 1** a chomhlánú, tarraing saigheada leis na héifeachtaí a rangú mar dhiúltach nó mar dheimhneach. Tá sampla amháin déanta cheana féin.

**Tábla 1**


| **Diúltach** | **Éifeacht** | **Deimhneach** |
|---|---|---|
| | Is féidir le himircigh bearnaí sa mhargadh saothair oilte a líonadh. | |
| | Tá imircigh sásta a bheith ag obair ar phá íseal. | → |
| | Tá deiseanna ag muintir na háite teangacha nua a fhoghlaim. | |
| | Íocann imircigh cáin leis an rialtas. | |
| | Is féidir go mbeidh ardú ar rátaí coireachta sa cheantar. | |
| | Cuireann imircigh seirbhísí áitiúla amhail scoileanna faoi bhrú. | |

[5]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Déan staidéar ar **Fíor 3** a thaispeánann an méadú ar dhaonra an domhain. Freagair an cheist a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




© Geography GCSE by Anna King (OUP, 2006), reproduced by permission of Oxford University Press

**Fíor 3**

Úsáid na téarmaí cearta ón bhosca seo thíos leis an alt faoi **Fíor 3** a chomhlánú.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | bia | leigheas | 0.3 | An Phlá Mhór | 9 |

Taispeánann **Fíor 3** an méadú a tháinig ar dhaonra an domhain ó __________ billiún duine in 1 AD go dtí corradh beag agus 6 bhilliún duine in 2000. Bhí laghdú beag ar an daonra in 1350 mar fuair na milliúin duine bás mar gheall ar _________________. Bhí níos mó ______________ á tháirgeadh in 1800 agus ba chuidiú é seo leis an mhéadú ar dhaonra an domhain a chothú. Meastar go mbeidh _____________ billiún duine ar an domhan faoi 2050. [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Baineann suíomh de chineál éigin le gach lonnaíocht. Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le suíomh fliuchphointe.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(f)** Mínigh ina iomláine fáth **amháin** a mbíonn seirbhísí ardoird ar fáil i gcathair.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**(g)** Déan staidéar ar **Fíor 4** a thaispeánann bruachbhaile cathrach. Freagair na ceisteanna a leanann.



*© Iowa Geological & Water Survey*

**Fíor 4**

**(i)** Cad é an cineál de thalamhúsáid atá á léiriú sa ghrianghraf? Folínigh an freagra ceart.

Siamsaíocht Tithíocht Miondíol Tionsclaíocht [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Úsáid **Fíor 4** agus cuir síos ar na bruachbhailte i gcathair.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iii)** Scríobh ráiteas **amháin** le cur síos ar shuíomh na mbruachbhailte taobh istigh de chathair.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iv)** Cuir síos ar mhíbhuntáiste **amháin** as bheith i do chónaí i mbruachbhaile.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(v)** Cad é a chiallaíonn an téarma **sraoilleáil uirbeach**?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

(h) (i) Is é is uirbiú ann ná méadú ar chéatadán na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir uirbeacha. Mínigh **dhá** chúis le huirbiú.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [4]

(ii) Ainmnigh cathair i dtír fhorbartha (MEDC) agus mínigh dóigh **amháin** ar tháinig feabhas ar an limistéar lár cathrach mar gheall ar scéim phleanála agus scríobh gearrchuntas ar cé chomh hinbhuanaithe is atá an scéim.

Ainm na cathrach.

______________________________________________________________________ [1]

Dóigh amháin ar tháinig feabhas ar an limistéar lár cathrach.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

Cé chomh hinbhuanaithe is a bhí an scéim.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

### Téama B: Codarsnachtaí maidir le Forbairt an Domhain

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 5** a thaispeánann cad é mar a bhíonn an IFD (HDI) ag athrú le ham i gcás roinnt tíortha. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© 2010 Human Development Report, United Nations Development Programme*

**Fíor 5**

**(i)** Cad é dó a seasann **IFD**? Comhlánaigh an téarma anseo thíos

an tI ____________________________ um Fhorbairt Dhaonna. [1]

**(ii)** Úsáid **Fíor 5** agus luaigh cén tír ar dóichí gur tír i mbéal forbartha (LEDC) í. ____________________________ [1]

**(iii)** Folínigh an téarma ceart leis na habairtí seo a leanas a chomhlánú. Tá ceann amháin déanta cheana féin.

- Is **Tír Fhorbartha/<u>Tir i mBéal Forbartha</u>** í tír a bhfuil IFD íseal aici.
- Bheadh an tIFD i dTír i mBéal Forbartha cóngarach do **1** / **100**.
- Baineann táscairí sóisialta le **leas** / **saibhreas** an phobail. [2]

(iv) Cad é a chiallaíonn an téarma **forbairt**?

_______________________________________________

_______________________________________________

___________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 6** a thaispeánann cad é mar a bhí ilchríoch na hAfraice á rialú ag tíortha éagsúla in 1914. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Fíor 6**

**(i)** Úsáid **Fíor 6** le **Tábla 2** a chomhlánú. Tá ceann amháin déanta cheana féin.

**Tábla 2**

| Tír | An tír a bhí á rialú in 1914 |
| --- | --- |
| AN CHÉINIA | AN BHREATAIN |
| AN NAMAIB | |
| AN tSOMÁIL | |
| | AN FHRAINC |

[3]

(ii) Cá mhéad tír neamhspleách a bhí san Afraic in 1914?

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

_______________ [1]

**(iii)** Mínigh cad é mar a chuireann gach ceann den **dá** thoisc seo a leanas cosc le forbairt i dtíortha i mbéal forbartha. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh d'áiteanna sa fhreagra.

1. Tosca stairiúla

_______________

_______________

_______________

_______________

_______________

2. Fiacha

_______________

_______________

_______________

_______________

_______________ [6]

**(c)** Déan staidéar ar **Fíor 7** a thaispeánann cad é mar a chaitheann Trócaire airgead cúnaimh in Hondúras. Freagair na ceisteanna a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

TRÓCAIRE
BRONNTANAS DOMHANDA




An traenáil agus na hábhair atá de dhíth le teach nua a thógáil, beidh do bhronntanas ina chuidiú iad a chur ar fáil. Beidh fothain, i séasúr na báistí, agus áit shlán ag an teaghlach agus iad sa teach nua.




© *Trocaire*

**Fíor 7**

**(i)** Luaigh an cineál cúnaimh atá á léiriú in **Fíor 7**. Folínigh an freagra ceart ón liosta seo thíos.

**Ceangailte** **Deonach** **Iltaobhach** [1]

**(ii)** An é cúnamh **fadtéarmach** nó cúnamh **gearrthéarmach** atá i gceist anseo? ________________________ [1]

**(iii)** Roghnaigh an sainmhíniú ceart do **chúnamh déthaobhach**. Folínigh an freagra ceart.

- Cúnamh a mbaineann coinníollacha leis.
- Cúnamh a thugtar idir tíortha.
- Tabhartais charthanúla.

[1]

**(iv)** Mínigh **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann i dtír i mbéal forbartha mar gheall ar chúnamh.

Fadhb 1 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Fadhb 2 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |


## Téama C: Na hAcmhainní Againn á mBainistiú

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Déan staidéar ar **Fíor 8** a thaispeánann cad é mar atá dhá limistéar Comhairle ag déileáil le dramhaíl ar bhonn inbhuanaithe. Freagair na ceisteanna a leanann.

**Dramhaíl le tiontú ina cumhacht.**

- Is le Comhairle Dún Geanainn agus le Comhairle na hÓmaí an Láithreán Líonadh Talún in Tullyvar, Co. Thír Eoghain.
- Thug na Comhairlí an coincheap d'fhuinneamh inbhuanaithe chucu féin agus thosaigh siad ar an ghás meatáin atá á scaoileadh ón dramhaíl sa láithreán líonadh talún a úsáid.
- Baintear úsáid as an ghás ón láithreán líonadh talún le leictreachas a ghiniúint.
- Bainfidh an tionscadal úsáid as tuairim is 5000 tonna/sa bhliain de ghás a tháirgtear ón láithreán líonadh talún. Is ionann an leictreachas a tháirgfear sa tionscadal agus an leictreachas a d'úsáidfí in 800 teach.




*© Hemera / Thinkstock*

*Foinse: arna chur in oiriúint as Tyrone Courier 2010*

**Fíor 8**

**(i)** Ainmnigh an gás in **Fíor 8** á úsáidtear le leictreachas a ghiniúint.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid **Fíor 8** agus ainmnigh an contae ina bhfuil Láithreán Líonadh Talún Tullyvar lonnaithe. Folínigh an freagra ceart ón líosta.

**Fear Manach** **Ard Mhacha** **Tír Eoghain** [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iii)** Úsáid **Fíor 8** agus mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an mhodh seo le déileáil le dramhaíl.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iv)** Ainmnigh dóigh **amháin** eile le déileáil le dramhaíl ar bhonn inbhuanaithe. (Ná déan tagairt d'athchúrsáil.)

______________________________________________ [1]

**(v)** Comhlánaigh **Tábla 3** lena thaispeáint cé acu ar **shláinte** nó ar an **timpeallacht** a bhfuil éifeacht ag gach ceann de na ráitis. Cuir ✓ sa cholún cheart. Tá ceann amháin déanta cheana féin

**Tábla 3**

| Ráiteas | Éifeacht ar an Timpeallacht | Éifeacht ar Shláinte |
|---|---|---|
| Tarraingíonn dramhaíl francaigh a iompraíonn galair agus is féidir go mbeidh éifeacht acu seo ar dhaoine. | | |
| Is féidir go rachaidh ceimiceáin sa dramhaíl isteach sa talamh agus go bhfaighidh fiadhúlra bás mar gheall ar an nimh. | ✓ | |
| Is lorg ar an tírdhreach é láithreán líonadh talún agus tá sé gránna. | | |
| Is féidir go dtiocfaidh greannú súl ar dhaoine mar gheall ar an bholadh bhréan a thagann ó láithreán líonadh talún. | | |

[3]

**(b)** Déan staidéar ar **Fíor 9** a thaispeánann alt faoi shaoirí a bhíonn ag pinsinéirí. Freagair na ceisteanna a leanann.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**Tá Pinsinéirí 'Óga' Ag Dul Ar Níos Mó Saoirí i bhFad i gCéin.**




- Is pinsinéirí iad **20%** de dhaonra na RA.
- Tá níos mó ná **£20,000** i dtaisce ag **25%** de na teaghlaigh a bhfuil duine fásta amháin nó níos mó **os cionn 65** bliain d'aois iontu.
- Téann daoine níos sine ar saoire níos faide, ar feadh 3–6 mhí de ghnáth.
- Is é 81.5 bliain an t-ionchas saoil do mhná agus is é 77.3 bliain an t-ionchas saoil d'fhir.

*© Monkey Business / Thinkstock*

**Fíor 9**

**(i)** Úsáid an fhaisnéis in **Fíor 9** agus comhlánaigh **Fíor 10** leis an chéatadán de phinsinéirí sa RA a thaispeáint. [2]




**Fíor 10**

**(ii)** Úsáid **Fíor 9** agus folínigh an téarma ceart i ngach ráiteas maidir leis na saoirí a bhíonn ag pinsinéirí.

a. Tá pinsinéirí ag dul ar **níos mó** / **níos lú** saoirí i bhfad i gcéin.

b. Tá saol **níos faide** / **níos giorra** ag mná ná mar a bhíonn ag fir.

c. Is é is pinsinéir ann ná duine a bhfuil aois **50** / **65** bliain bainte amach aige nó aici.

[3]

**(iii)** Úsáid fianaise ó **Fíor 9** agus mínigh cad chuige a bhfuil pinsinéirí ag cur le fás turasóireachta ó na 1960í.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(iv)** Míngh tionchar eacnamaíoch **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag fás turasóireachta ar cheantar.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(c)** Tá méadú i gcónaí ar an trácht i gcathracha. Úsáid cás-staidéar **amháin** ar chathair san Aontas Eorpach (seachas Éire agus An Bhreatain Mhór) agus cuir síos ar **dhá** bheart atá in úsáid le trácht a bhainistiú.

Ainm na cathrach ____________________________________________ [1]

Beart 1 ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

Beart 2 ____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

7319.05